Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

11262/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0134(NLE)

ACP 65
COAFR 189
COLAC 101
COASI 80
RELEX 936

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Airí ESACC-AE, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin a mhéid a bhaineann lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Airí ESACC-AE, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin a mhéid a bhaineann lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas, a Bhallstáit agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin ('Comhaltaí ESACC') é an 15 Samhain 2023 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2024[2] i leith.

(2) Tá an Comhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 98(2) de, le teacht i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta a chuirfidh an tAontas agus a Bhallstáit agus dhá thrian ar a laghad de Chomhaltaí ESACC i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha féin chun na críche sin agus a thaiscfidh siad a sásraí lena gcuirtear in iúl a dtoil lena gceangal.

(3) Leagtar amach in Airteagal 88(4), Airteagal 92(2), Airteagal 89(2) agus Airteagal 93(3) den Chomhaontú, faoi seach, feidhmeanna Chomhairle Airí ESACC-AE, gach Comhairle Réigiúnach Airí, Choiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, agus gach Comhchoiste Réigiúnaigh ('na hInstitiúidí Comhpháirteacha').

(4) Thar ceann an Aontais, ba cheart Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a bheith ina chathaoirleach ar Chomhairle Airí ESACC-AE agus ar gach Comhairle Réigiúnach Airí.

---

[1] IO L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2023/2861 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 2023/2861, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2861/oj).

(5) Foráiltear le hAirteagal 3(7) de Phrótacal Réigiúnach na hAfraice go bhfuil na Páirtithe le comhar réigiúnach a spreagadh leis na réigiúin a liostaítear in Airteagal 349 agus Airteagal 355(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('réigiúin is forimeallaí').

(6) Foráiltear le hAirteagal 6(1) de Phrótacal Réigiúnach na Cairibe go bhfuil na Páirtithe le na dlúthnaisc stairiúla eacnamaíocha, chultúrtha agus daoinebhunaithe a neartú idir Comhaltaí ESACC i Muir Chairib agus na réigiúin is forimeallaí. Foráiltear le hAirteagal 51(2) den Phrótacal sin go bhfuil na Páirtithe le hidirphlé oscailte a shaothrú chun soghluaisteacht agus tréimhsí fanachta gearrthéarmacha a chur chun cinn chun malartú a fheabhsú. Leis an malartú sin, beidh cás sonrach na réigiún is forimeallaí le cur san áireamh freisin, mar aitheantas ar a ghaire atá siad go fisiciúil agus ar a naisc eacnamaíocha agus chultúrtha agus ar a réimsí eile comhair.

(7) Is faoi na Ballstáit atá sé, a mhéid a mheasann siad a bheith iomchuí agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ról a thabhairt dá réigiúin is forimeallaí faoi seach in obair na nInstitiúidí Comhpháirteacha. Leis an ról sin, áirítear fógra a thabhairt dá réigiúin is forimeallaí nuair a thionóltar cruinnithe de chuid na nInstitiúidí Comhpháirteacha, faisnéis agus doiciméadacht neamhrúnda arna scaipeadh ag Rúnaíocht na hInstitiúide Comhpháirtí faoi seach a dháileadh ar a réigiúin is forimeallaí, agus cuireadh a thabhairt d'ionadaithe óna réigiúin is forimeallaí, mar chuid dá dtoscaireachtaí faoi seach, chuig cruinnithe na nInstitiúidí Comhpháirteacha. Is faoi na Ballstáit freisin atá sé, a mhéid a mheasann siad a bheith iomchuí agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ról a thabhairt dá réigiúin faoi seach seachas a réigiúin is forimeallaí in obair na nInstitiúidí Comhpháirteacha.

(8) I gcomhréir leis an gComhaontú, tá gach ceann de na hInstitiúidí Comhpháirteacha le a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le linn a chéad chruinnithe.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ngach ceann de na hInstitiúidí Comhpháirteacha a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh a bhunú, ós rud é go mbeidh a gcinntí ina gceangal ar an Aontas.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i ngach ceann de na hInstitiúidí Comhpháirteacha a mhéid bhaineann lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Airí ESACC-AE, Comhairle Airí AE-an Afraic, Comhairle Airí AE-an Chairib, Comhairle Airí AE-an tAigéan Ciúin, Coiste na nOifigeach Sinsearach ar Leibhéal Ambasadóra ESACC-AE, Comhchoiste AE-an Afraic, Comhchoiste AE-an Chairib agus Comhchoiste AE-an tAigéan Ciúin (‘na hInstitiúidí Comhpháirteacha’) a mhéid a bhaineann lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar na Dréachtchinntí atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais san Institiúid Chomhpháirteach faoi seach mioncheartúcháin theicniúla ar Dhréachtchinntí na nInstitiúidí Comhpháirteacha a chomhaontú, tar éis dóibh dul i gcomhairle le comhlacht ullmhúcháin freagrach na Comhairle, gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Ní dhéanfaidh aon ní sa Chinneadh seo ná i Rialacha Nós Imeachta na hInstitiúide Comhpháirtí faoi seach difear do cheart na mBallstát cinneadh a dhéanamh maidir le comhdhéanamh a dtoscaireachta féin chuig gach Institiúid Comhpháirteach, lena n-áirítear an ceart ionadaithe óna réigiúin nó óna réigiúin is forimeallaí a bheith acu mar chuid dá dtoscaireachtaí.

*Airteagal 3*

Thar ceann an Aontais, is é Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a bheidh ina chathaoirleach ar Chomhairle Airí ESACC-AE agus ar gach Comhairle Réigiúnach Airí.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*